**DÁTA:**

| STAIR | ÁBHAR AN CHEACHTA | TEANGA<br>SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1.<br>2. | **8B: Na Lochlannaigh - Sochaí na Lochlannach.** Tasc 1: Físeán: Íospartaigh na Lochlannach (2 nóim), Ceistiú & plé/ A+A. Tasc 2: L53 - 56 in Aistear Ama le léamh. Tasc 3: Fíor nó Bréagach ar na cláir bhána aonaracha (obair bheirte) Tasc 4: Cluiche ar Chúinne na gCluichí (obair ghrúpa) Tasc 5: Ceist 1-4 L.55. OB: Tasc Meaitseála ar an téarmaíocht staire (obair aonair). | **Saintéarmaíocht:** sclabhaí, maoin, saorfhir, creachadh, annála<br>**Gnéithe na Gramadaí:** An Chopail san A. Chaite: Ba + 'h'. Lochlannaigh vrs Lochlannach. Bean - mná - saol na mban |
| 3.<br>4. | **8D: Meánaoiseanna agus Caisleáin.** Tasc 1: Físeán TG4 Foghlaim, 'Caisleáin' C+P. Tasc 2: Lch 74-76 le léamh in Aistear Ama.Tasc 3: Léaráid an chaisleáin le lipéadú. Tasc 4: ceist 1-3 ar L. 75 (obair bheirte) Tasc 5: Cluiche aschuir teanga: 'Ní Féidir Mé a Bhaint.' (obair ghrúpa). Tasc 6: Cluiche ar Chúinne na gCluichí: Luaschártaí na gCaisleán (ag an gclár) OB: Google Forms le líonadh. | **Saintéarmaíocht:** Bábhún, geata crochta, droichead tógála, imbhalla, daingean, túirín, díog, móta.<br>**Gnéithe na Gramadaí:** Uatha/ Iolra: caisleán, caisleáin, an caisleán cloiche, na caisleáin chloiche. Is féidir/Ní féidir mé a bhaint |
| 5. | **SAOR** | |
| 6. | **DUALGAS LÓIN** | |
| 7.<br>8. | **9C: Dónall Ó Conaill.** Tasc 1 - Dul Siar ar an gConallach, ceistiú & plé. Tasc 2: Cuir snas ar an abairt, cuir abairt shimplí in airde ar an gclár faoi DÓC agus iarr ar na daltaí snas a chur ar an abairt i mbeirteanna. (Teanga na nAistí & Cónaisc)<br>Tasc 3: Ceist scrúdaithe le déanamh (obair aonair, M. mar éascaitheoir). Scríobh cuntas gairid ar Fhuascailt na gCaitliceach 1823-1829. Bainigí úsáid as an bhfráma scríbhneoireachta, taisce téarmaíochta agus Aistear Ama. OB: Ceist le críochnú. | **Nathanna/Feidhmeanna:** ina theannta sin, ar a bharr sin, ní hamháin sin, in ainneoin, sin ráite, de dheasca, mar gheall air sin, as siocair go raibh, cionn is, de thairbhe go raibh, de bharr, ar an ábhar, toisc, de dheasca go raibh |
| 9. | **SAOR** | |

## NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:

Tabhair faoi deara:
Is samplaí iad na pleananna ceachta seo.
Moltar do mhúinteoirí an t-ábhar seo a oiriúnú de réir riachtanas, polasaithe agus cur chuige a scoile féin.

Aithin/sainaithin na rudaí seo: fíricí, saintréithe nó coincheapa, atá riachtanach/ábhartha chun cás a thuiscint.

**DÁTA:**

| EOLAÍOCHT | ÁBHAR AN CHEACHTA | TEANGA<br>SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1.<br>2. | **Eolaíocht 1A - Tuaslagáin agus Tuaslagthacht**<br>1. **Taispeántas** - Ullmhaigh meascán de ghaineamh agus uisce, salann agus uisce, sulfáit chopair agus uisce, bainne agus uisce.<br>2. **Plé** - Cad a thugann tú faoi deara idir gaineamh agus salann? Cad a tharlaíonn don salann? Conas a bheadh a fhios agat go bhfuil sé fós ann? Cad a tharlaíonn don dath nuair a chuirtear níos mó sulfáit chopair leis? An bhfuil bainne in uisce mar an gcéanna?<br>3. **Teagasc** - Na focail intuaslagtha, dothuaslagtha, tuaslagán, tuaslaig.<br>4. **Turgnamh** - Substaintí a rangú mar intuaslagtha agus dothuaslagtha | **Saintéarmaíocht:** - Salann, Uisce, Tuaslagán, Tuaslaig, Intuaslagtha, Dothuaslagtha<br>**Teanga Bhreise** - Réimíreanna in- agus do-, riail DNTLS (indéanta, dodhéanta, intuaslagtha, dothuaslagtha), réimniú an bhriathair tuaslaig |
| 3.<br>4. | **Bitheolaíocht 5B - An Córas Díleá**<br>1. **Réamheolas** - Cad is díleá ann? Cad is córas ann? Cén fáth a bhfuil gá le díleá? Cé na horgáin a bhfuil baint acu le díleá?<br>2. **Teagasc** - Orgáin an Chórais - Léaráid gan lipéid le greamú isteach sa chóipleabhar. Teagasc faoi fheidhmeanna na n-orgán, lipéadú na n-orgán sa chóipleabhar.<br>3. **Gníomhaíocht** - Jigsaw - i ngrúpaí, déan cur síos ar fheidhm trí orgán, déan iarracht smaoineamh ar an sainmhíniú is cruinne, roinn é le daoine eile sa rang. | **Saintéarmaíocht:** - Díleá, Córas, Éasagafas, Faireog, Stéig, Goile, Paincréas, Ae, srl.<br>**Teanga Bhreise** - Inscne na n-orgán agus athruithe tosaigh, m.sh. an t-ae, an ghoile, tuiseal ginideach - Feidhm na stéige bige, Feidhm an phaincréis |
| 5.<br>6. | **Ceimic B1 6 - Ag Ainmniú Alcán**<br>1. **Réamheolas** - Hidreacarbóin - Cén dúil is dóigh leat atá iontu? Samplaí laethúla? Tábhacht le hidreacarbóin. Conas a eastósctar hidreacarbón?<br>2. **Teagasc** - Alcán mar shraith homalógach, conas comhaireamh sa cheimic, alcáin 1 - 10 (meatán go deacán), conas isiméirí a ainmniú.<br>3. **Fiosrú** - i ngrúpaí -sonraí tánaisteacha faoi fhiuchphointí meatán go deacán, déan graf fiuchphointe i gcoinne líon na gcarbón. Cén fáth a gceapann tú go bhfuil an patrúin sin ann?<br>4. **Gníomhaíocht** - Ceisteanna bunaithe ar ainmniúchán agus struchtúr. | **Saintéarmaíocht:** - Hidreacarbón, Sraith Homalógach, Amhola, Sáithithe, Meatán, Eatán, srl.<br>**Teanga Bhreise** - Litriú na Hidreacarbón - caol le caol / leathan le leathan, m.sh. Meitiolprópán, Meitilpeantán |
| 7.<br>8. | **Eolaíocht 3B - Leictreachas - Ciorcaid**<br>1. **Iniúchadh** - i ngrúpaí - cuir amach ceallra, sreang, bolgáin solais. Conas an solas a lasadh? Conas é a mhúchadh? Dhá shlí éagsúla chun dhá bholgán a cheangal. Cén tionchar a bhíonn aige sin ar ghile?<br>2. **Tuairisc** - Scríobh tuairisc ar an iniúchadh.<br>3. **Teagasc** - Leictreachas, Úsáideanna Leictreachais, Ciorcad, Léaráidí de Chiorcad, Treocheangail agus Sraithcheangail<br>4. **Gníomhaíocht** - i ngrúpaí - tabhair bileog le léaráidí de chiorcaid, iarr ar dhaltaí an ciorcad a shocrú suas. | **Saintéarmaíocht:**<br>- Leictreachas, leictreon, sreang, ceallra, bolgán, ciorcad, treocheangail, sraithcheangail, gile<br>**Teanga Bhreise** - Tuairisc turgnaimh a scríobh sa saorbhriathar aimsir chaite, fuaimniú - ceallra v. callaire (c/r caol agus leathan) |
| 9. | **SAOR** | |

**NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:**

Tabhair faoi deara:
Is samplaí iad na pleananna ceachta seo.
Moltar do mhúinteoirí an t-ábhar seo a oiriúnú de réir riachtanas, polasaithe agus cur chuige a scoile féin.

Anailísigh/Déan anailís ar...: déan staidéar nó scrúdú ar rud go mion.

**DÁTA:**

| MATAMAITIC | ÁBHAR AN CHEACHTA | TEANGA SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1. | **1A: Allgéabar - Sloinn le hathróga éagsúla a shuimiú agus a dhealú. Tasc 1:** Dúshlán físe; líon iomlán na dtorthaí éagsúla a chomhaireamh (4 nóim), Freagraí a chur trí aontú/easaontú + fianaise - plé a dhéanamh ar fhreagraí éagsúla a léiríodh/botúin choitianta a aithint (6 nóim) **Tasc 2:** Léiriú agus plé scoláire lárnach | **Saintéarmaíocht:** athróg, comhéifeacht, comhartha |
| 2. | ar eochairfhocail trí thasc beirte dírithe ar shamplaí simplí ón ailgéabar (10 nóim) **Tasc 3:** OB a mhíniú agus a scríobh sa dialann C: 6 -12 ó bhileog oibre (3 nóim) **Tasc 4:** Déan 3 shampla ar an gclár bán - scoláirí ag treorú an mhúinteora - sampla amháin le breacadh sna cóipleabhair (5 nóim) **Tasc 5:** Ceist 1 - 5 ón gclár bán | **Teanga bhreise:** Aontaím/Easaontaím leis an réiteach sin; seo m'fhianaise (mo fhianaise - míchruinn) |
| 3. | le déanamh (5 nóim go haonarach; 3 nóim ag cur freagraí i gcomparáid le comharsan) **Tasc 6:** Dúshlán físe ag ardluas - freagraí le léiriú ar mhionchláir bhána | T.G An athróg v Comhéifeacht na hathróige, |
| 4. | **2C: Ailgéabar - Cothromóidí ailgéabracha i bhfocail - Dul i ngleic le deacrachtaí tuisceana na scoláirí Tasc 1:** Spreagchaint: Plé na deacrachtaí a bhaineann leis an Mata uaireanta, cuir béim ar thriail agus feabhas agus an taitneamh a bhaintear as dúshlán a shárú (5 nóim) **Tasc 2:** Bileog le ceisteanna cleachtaidh: Aibhsigh | **Saintéarmaíocht:** Cothromóid, Iolraigh, Roinn, Toradh |
| 5. | **gach píosa eolais aonarach i ndath éagsúil - plé agus comparáid Tasc 3:** Píosaí eolais aonaracha agus Sloinn a aistriú ó Ghaeilge go teanga na Matamaitice - plé agus comparáid **Tasc 4:** Réiteach a fháil ar na sloinn - plé agus comparáid Tasc 5: OB agus Obair Aonarach - Crochnaigh na ceisteanna ar an mbileog | **Teanga bhreise:** Is mó de . . ,<br>Is lú de . . .,<br>Dhá/Trí/Ceithre oiread, |
| 6. | **3 Ard: Feidhmeanna - Súil siar ar na triailscrúduithe Tasc 1:** Caith súil ar cheist 7 - plé ar mharcanna faighte (5 nóim) **Tasc 2:** Scoláirí ag obair ar an gceist i mbeirteanna (10 nóim) **Tasc 3:** Réiteach ar an gceist os comhair an ranga (7 nóim) **Tasc 4:** Ceisteanna breise 2024 AL C:8, 2023 AL C: 2 le déanamh go haonarach (15 nóim) | **Saintéarmaíocht:** Feidhm, Ionchur, Aschur, Fearann<br>**Teanga bhreise:** Bí aireach faoi na téarmaí a úsáidtear sna scrúduithe: Áirigh, Scríobh, Ríomh, Mínigh |
| 7. | | |
| 8. | **5 Gnáthchothromóid Líne a aimsiú le Fána + Pointe Tasc 1:** Tabhair ceist ar bhileog do ghrúpaí de thriúr le fána le haimsiú ar cheann as trí shlí (10 nóim) **Tasc 2:** Iarr ar scoláirí réitigh a roinnt ar chlár bán le haiseolas agus ceartú grúpa (8 nóim) **Tasc 3:** Réamhrá ar chothromóid líne; le geogebra + samplaí ón SS (8 nóim) **Tasc 4:** Foirmle $y-y_1 = m(x - x_1)$ a léiriú le dhá shampla le breacadh síos (10 nóim) Tasc 5: OB C: 4 - 12 agus tús leis an obair (4 nóim) | **Saintéarmaíocht:** Feidhm, Ionchur, Aschur, Fearann<br>**Teanga bhreise:** Bí aireach faoi na téarmaí a úsáidtear sna scrúduithe chun obair scríofa a lorg uait: Áirigh, Scríobh, Ríomh, Mínigh |
| 9. | | |

**NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:**

Tabhair faoi deara:
Is samplaí iad na pleananna ceachta seo.
Moltar do mhúinteoirí an t-ábhar seo a oiriúnú de réir riachtanas, polasaithe agus cur chuige a scoile féin.

Argóin / Déan argóint faoi...: Áitigh / Ceistigh smaoineamh agus déan díospóireacht ina leith, chun meon nó seasamh duine a athrú.

**DÁTA:**

| | **EACNAMAÍOCHT BHAILE**<br>**ÁBHAR AN CHEACHTA** | **TEANGA**<br>SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1. | **Bliain 2B - Greamanna Maisiúcháin**<br>**Taispeántas:** Samplaí de theicstílí cruthaitheacha.<br>**Plé:** An aithníonn sibh aon cheann de na greamanna deasa ar an éadach? An bhfuil aon duine i ndiaidh triail a bhaint as na greamanna seo cheana? Cad iad na cinn is fearr leat? An dóigh libh go mbeadh cinn áirithe níos deacra ná cinn eile? | **Saintéarmaíocht:** Bróidnéireacht, Appliqué (téarma Fraincise), Greim reatha, Trasghreim, Greim slabhra, Gasghreim, Gréim na lúibe, Greim sróil, Greim na snaidme. |
| 2.<br>3. | **Teagasc:** Aibhsigh agus ainmnigh na greamanna maisiúcháin éagsúla ar na samplaí. Iarr ar na scoláirí ainmneacha na ngreamanna a bhreacadh síos mar aon lena sceitsí ábhartha. Taispeáin conas an greim reatha a dhéanamh ar fheilt mar thúsphointe.<br>**Gníomhaíocht:** Iarr ar na scoláirí an greim reatha a chleachtadh i bpéirí fúála. Bíodh físeán tacaíochta ar siúl sa chúlra le linn na gníomhaíochta. Bog ar aghaidh go dtí an chéad ghreim eile ag brath ar chúrsaí ama. | **Teanga Bhreise: An tAinmfhocal san Uimhir Uatha & Iolra**<br>Gach dalta:<br>Uatha 'An' — *An greim:* Sampla: Is breá liom an greim sin<br>Iolra 'Na' — *Na greamanna:* Sampla: Beidh na greamanna snaidhme in úsáid agam don bhláth<br>Daltaí áirithe:<br>*Fad an ghreama* — Sampla: Tá fad an ghreama rómhór in áiteanna |
| 4. | | |
| 5. | **Bliain 1A: Biachlár Lóin**<br>**Iniúchadh:** Suirbhé ranga – cuir ceist ar thriúr eile sa rang. "Cad a bhí agatsa don lón inniu?" | **Saintéarmaíocht:** Biachlár, réamhchúrsa/cúrsa tosaigh, príomhchúrsa, pirimid an bhia, grúpaí bia, riachtanais, ceapaire, filteog, arán piota, béigeal, craicear, caiscín, ilghráinneach, slánghráinneach, lánghráin, lánchruithneacht. |
| 6.<br>7. | **Teagasc:** An tábhacht a bhaineann le lón sa réim bia, lóin shamplacha, treoirlínte pleanála béilí, grúpaí bia oiriúnacha.<br>**Gníomhaíocht:** Dear lón pacáilte dhá chúrsa a bheadh feiliúnach do dhéagóir scoile. Is gá úsáid a bhaint as Canva leis an mbiachlár a dhearadh. | **Teanga Bhreise:**<br>**An tAinmfhocal & An Aidiacht**<br>*Ainmfhocal Firinscneach + Aidiacht (Uatha):* Ceapaire donn, arán piota, béigeal caiscín, craicear lánghráin<br>*Ainmfhocal Baininscneach + Aidiacht (Uatha):* filteog dhonn |
| 8. | | |
| 9. | | |

**NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:**

Tabhair faoi deara:
Is samplaí iad na pleananna ceachta seo.
Moltar do mhúinteoirí an t-ábhar seo a oiriúnú de réir riachtanas, polasaithe agus cur chuige a scoile féin.

Athbhreithnigh / Déan athbhreithniú ar...:déan athscrúdú go cúramach nó go criticiúil, chun tacú le tuairim nó chun easaontú leis.

**DÁTA:**

| EACNAMAÍOCHT BHAILE<br>ÁBHAR AN CHEACHTA | | TEANGA<br>SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1. | **4C Rang Praiticiúil – Scileanna Cócaireachta**<br>**Réamhullmhúchán:** Bailiú trealaimh agus ullmhú na gcomhábhar. | **Saintéarmaí:** Oideas, mias, traséilliú, dísligh, miongheаrr, sótáil, suanbhruith, beirigh. |
| 2.<br>3. | **Teagasc:** Taispeántais chócaireachta ag pointí suntasacha de mhodh oibre na méise (meascáin den mhúinteoir agus de scoláirí roghnaithe). Comhtháthú teoirice le linn na dtaispeántas.<br>**Gníomhaíocht:** An mhias a ullmhú, a chócaráil agus a luacháil.<br>Measúnú: Meastóireacht ar an mias. | **Teanga Bhreise:** An cheist mhodhnóireachta (see table *An Modh Coinníollach* below) |
| 4. | | |
| 5. | **Bliain 6A An Teaghlach**<br>**Réamhphlé:** Íomhánna éagsúla de theaghlaigh cháiliúla. “Cén saghas teaghlaigh é seo?” “Cé hiad na daoine atá mar chuid den teaghlach seo?”. I ngrúpaí beaga, iarr ar na daltaí a sainmhínithe féin a chumadh bunaithe ar na teaghlaigh éagsúla ag eascairt as an réamhphlé. | **Saintéarmaí:** Sochaí ‘v’ Sochaithe, An Teaghlach Núicléach, An Teaghlach Sínte, An Teaghlach Aontuismitheora, An Teaghlach Cumaisc, Colscaradh, Idirscaradh, |
| 6.<br>7. | **Teagasc:** An struchtúr teaghlaigh, sainmhínithe na dteaghlach éagsúil, forbairt agus éabhlóidiú an teaghlaigh in Éirinn.<br>**Gníomhaíocht:** Ullmhaigh sceideal ceisteanna le cur ar sheantuismitheoir nó ar dhuine sa phobal áitiúil i ndáil leis an gcodarsnacht idir saol an teaghlaigh anois agus fadó. | **Teanga Bhreise:**<br>Teaghlach ‘v’ Clann agus an meascán úsáide sna canúintí éagsúla.<br>Gach scoláire: (see table below)<br>Daltaí áirithe: (see table below) |
| 8. | | |
| 9. | | |

**An Modh Coinníollach**

| *Céad Réimniú* | *Dara Réimniú* | *Briathra Neamhrialta* |
|---|---|---|
| Chuirfinn | D’athróinn | Dhéanfainn |
| Ghlanfainn | Bhaileoinn | Gheobhainn |
| Ní ghearrfainn | Ní cheannóinn | Ní bheinn |

Gach scoláire:

| *Uimhir Uatha (‘An’)* | *Uimhir Iolra (‘Na’)* |
|---|---|
| An teaghlach | Na teaghlaigh |
| An chlann | Na clanna |

Daltaí áirithe:

| *Réamhfhocal + ‘An’ / Tuiseal Tabharthach* | *Tuiseal Ginideach Uatha* |
|---|---|
| Ar an teaghlach | Méid an teaghlaigh |
| Ar an gclann / ar an chlann (Cúige Uladh) | Méid na clainne |

## NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:

Tabhair faoi deara:
Is samplaí iad na pleananna ceachta seo.
Moltar do mhúinteoirí an t-ábhar seo a oiriúnú de réir riachtanas, polasaithe agus cur chuige a scoile féin.

Bain tátal as... Bain tuiscint as... Bain as...: déan triail agus tástáil chun rud éigin nua a fháil amach nó chun rud éigin a chruthú.

**DÁTA:**

| | ÁBHAR AN CHEACHTA | TEANGA<br>SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1. | | |
| 2. | | |
| 3. | | |
| 4. | | |
| 5. | | |
| 6. | | |
| 7. | | |
| 8. | | |
| 9. | | |

**NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:**

Beachtaigh: cuir feabhas ar rud (scéal, aiste, scannán, ceol) trí idirdhealuithe mionа a chur isteach.

**DÁTA:**

| | ÁBHAR AN CHEACHTA | TEANGA<br>SAINTÉARMAÍOCHT/ GRAMADACH/ NATHANNA/ FEIDHMEANNA |
|---|---|---|
| 1. | | |
| 2. | | |
| 3. | | |
| 4. | | |
| 5. | | |
| 6. | | |
| 7. | | |
| 8. | | |
| 9. | | |

**NÓTAÍ ATHMHACHNAMHACHA:**